

## Ullmhúchán d'fhoghlaim, teagasc agus measúnú ar mhatamaitic na bunscoile

Faoi mar a leagtar amach é in [Ullmhúchán don Teagasc agus don Foghlaim – Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta](#), bíonn ullmhúchán dofheicthe, sofheicthe agus taifeadta; is gnéithe comhlántacha riachtanacha iad seo maidir le heispéiris foghlama atá spráúil agus rannpháirteach mar is cuí a sholáthar do gach páiste. Tacaíonn ullmhúchán dá leithéid le soláthar timpeallachtaí saibhre foghlama, le heispéiris foghlama thairbheacha, agus le measúnú fiúntach.

Féadfaidh ullmhúchán tomhaiste cabhrú leis an múinteoir freastal ar fhoghlaim mhatamaiticiúil gach páiste, cur i bhfeidhm diongbháilte an churaclaim a chumasú agus tacú le cinnteoireacht maidir le hoideolaíocht. Agus ullmhúchán á dhéanamh le haghaidh na foghlama i matamaitic na bunscoile, is tábhachtach teacht ar chothromaíocht idir deiseanna le haghaidh foghlaim sonraithe agus struchtúrtha a chur ar fáil; agus deiseanna a chur ar fáil don oscailteacht agus chun deiseanna foghlama nach rabhthas ag súil leo a fhiosrú.

### Saincheisteanna maidir le tacú le agus bonn eolais a chur faoi ullmhúchán don fhoghlaim, teagasc agus measúnú matamaitice sa seomra ranga

An páiste	An curaclam	Oideolaíocht
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cad atá ar eolas agam faoi bhuanna, riachtanais, spéiseanna agus cumais gach páiste?</li> <li>• Cad é raon agus scála na mbuanna, riachtanas agus spéiseanna i measc an ranga/ghrúpa?</li> <li>• Conas is féidir liom tógáil ar réamhfhoghlaim na bpáistí sa réimse seo?</li> <li>• Cad iad na heispéiris foghlama is tarraingtí don rang / ghrúpa seo?</li> <li>• Cad iad na deiseanna is fearr a thabharfadh deis do na páistí a gcuid foghlama a léiriú, a chur in iúl agus a thaispeáint?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cén Toradh/Torthaí Foghlama a roghnóidh mé agus cad air a ndíreoidh an fhoghlaim nua?</li> <li>• Cad é an t-eolas, scileanna agus meonta a bheidh sé tábhachtach a fhorbairt sna páistí agus iad ag obair i dtreo an Toraidh/na dTorthaí Foghlama?</li> <li>• Cad iad na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun tacú le mo smaointeoireacht agus cinnteoireacht?</li> <li>• Conas is féidir liom deiseanna a chur ar fáil don tuiscint agus ceangal; cumarsáid; réasúnaíocht; cuir i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna?</li> <li>• Cad iad na naisc is féidir liom a dhéanamh le réimse eile curaclaim? Cad iad na deiseanna is féidir liom a chur ar fáil leis an bhfoghlaim a threisiú agus a chur i bhfeidhm ar bhealaí praiticiúla?</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cad iad na cleachtais oideolaíochta is fearr a spreagfaidh an fhoghlaim agus a thacóidh léi?</li> <li>• Conas a d'fhéadfaí an timpeallacht foghlama a eagrú chun an fhoghlaim a bharrfheabhsú?</li> <li>• Cad iad na gníomhaíochtaí, tascanna agus/nó uirlisí a d'fhéadfadh cur leis an eispéireas foghlama?</li> <li>• Mar mhúinteoir, cén chaoi a mbeidh ar mo ról dul in oiriúint agus athrú leis an tacaíocht is fearr a thabhairt do pháistí ag céimeanna éagsúla an eispéiris foghlama?</li> <li>• Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil dul chun cinn déanta ag na páistí ina gcuid foghlama? Cad iad na cuir chuige agus acmhainní is úsáidí le measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim?</li> </ul>